2026/2252

13.10.2026

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2252 ÓN gCOIMISIÚN

## an 12 Deireadh Fómhair 2026

## lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(5) de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Cuireadh cis-tríchios-9-éin san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, meastar an tsubstaint a bheith formheasta faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 6 Aibreán 2023 cuireadh isteach iarratas i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 chun athnuachan a dhéanamh ar an bhformheas maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 ('an t-iarratas'). Is é údarás inniúil na hOstaire a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(3) Ós rud é go raibh formheas cis-tríchios-9-éine le dul in éag an 30 Meán Fómhair 2024, le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 ón gCoimisiún ([3]) cuireadh an dáta éaga sin ar atráth go dtí an 31 Márta 2027, chun go mbeadh am leordhóthanach ann chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2247 ón gCoimisiún ([4]), rinneadh athnuachan ar an bhformheas maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19, faoi réir na gcoinníollacha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, lena n-áirítear dáta éaga nua an fhormheasa. Dá bhrí sin, is iomchuí Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 a aisghairm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/528/oj.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/8/oj).
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1283 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2024 lena gcuirtear ar atráth dáta éaga an fhormheasa maidir le cis-tríchios-9-éin lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2024/1283, 15.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1283/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2247 an 12 Deireadh Fómhair 2026 ón gCoimisiún an 12 Deireadh Fómhair 2026 lena ndéantar formheas na substainte gníomhaí cis-tríchios-9-éin a athnuachan lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 19 i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2026/2247, 12.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2247/oj).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN